RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1251 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2022

lena ndéantar an formheas ar na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití) mar shubstaintí gníomhacha ísealriosca, agus Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid agus alcóil) a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún ([2]), áiríodh Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh mar shubstaintí gníomhacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 31 Lúnasa 2022.

(4) Is substaintí iad Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh a tháirgtear go nádúrtha ag feithidí den ord Lepidoptera. Tá sainmhíniú struchtúrach agus sásra gníomhaíochta coiteann acu agus is féidir aicéatáití, aildéid nó alcóil a bheith iontu.

(5) Cuireadh isteach iarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(6) Chuir na hiarratasóirí isteach na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith iomlán.

(7) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 3 Meitheamh 2019.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a áireamh (IO L 344, 20.12.2008, lch. 89).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

(8) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar na hiarratasóirí agus ar na Ballstáit chomh maith chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(9) An 19 Bealtaine 2021, chuir an tÚdarás a chonclúid ([6]) in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Sa chonclúid ón Údarás rinneadh difreáil idir aicéatáití, aildéid agus alcóil laistigh de na Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh.

(10) Chuir an Coimisiún a thuarascáil athnuachana agus dréacht-Rialachán in iúl don Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 1 Nollaig 2021 agus 30 Márta 2022 faoi seach.

(11) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí a mbarúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú mír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ([7]), maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir na hiarratasóirí barúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(12) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití, aildéid, alcóil), measann an Coimisiún gur suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(13) Measann an Coimisiún freisin gur substaintí gníomhacha ísealriosca iad Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití) de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 toisc nach substaintí ar údar imní iad agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(14) Dá bhrí sin, is iomchuí an formheas ar na Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití) mar shubstaintí gníomhacha ísealriosca a athnuachan agus an formheas ar na Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid agus alcóil) mar shubstaintí gníomhacha a athnuachan.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, mar sin féin, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(17) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón lá tar éis dháta éaga an formheasta ar Fhearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití) agus ar Fhearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid agus alcóil).

(18) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([6]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance Straight Chain Lepidopteran Pheromones (SCLPs) [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(6):6656, 24 lgh. doi:10.2903/j.efsa.2021,6656. Le fáil ar líne: http://www.efsa.europa.eu.

([7]) Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin seo. Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) na substaintí gníomhacha sin a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) na substaintí gníomhacha sin dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, Rialachán a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ar an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas ar an tsubstaint ghníomhach a athnuachan

Déantar an formheas ar na substaintí gníomhacha Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití), Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid) agus Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (alcóil) a athnuachan, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití)	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/ 10828/2021	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/ 10828/2021	*An 1 Meán Fómhair 2022*	*An 30 Lúnasa 2037*	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éifeachtúlacht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí aonair astu féin nó cumaisc díobh agus meastóireacht á déanamh ar iarratais ar údarú. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí.
Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid)	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/ 10828/2021	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/ 10828/2021	*An 1 Meán Fómhair 2022*	*An 30 Lúnasa 2037*	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éifeachtúlacht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí aonair astu féin nó cumaisc díobh agus meastóireacht á déanamh ar iarratais ar údarú. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí.
Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (alcóil)	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/ 10828/2021	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/ 10828/2021	*An 1 Meán Fómhair 2022*	*An 30 Lúnasa 2037*	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éifeachtúlacht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí aonair astu féin nó cumaisc díobh agus meastóireacht á déanamh ar iarratais ar údarú. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 255 maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh;

(2) i gCuid B, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas léi:

Uimhir	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
"153	Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aildéid)	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/10828/2021	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/10828/2021	*An 1 Meán Fómhair 2022*	*An 30 Lúnasa 2037*	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éifeachtúlacht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí aonair astu féin nó cumaisc díobh agus meastóireacht á déanamh ar iarratais ar údarú. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí."
"154	Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (alcóil)	Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/10828/2021	Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/10828/2021	*An 1 Meán Fómhair 2022*	*An 30 Lúnasa 2037*	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éifeachtúlacht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí aonair astu féin nó cumaisc díobh agus meastóireacht á déanamh ar iarratais ar údarú. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí."

(3) i gCuid D, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimhir	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
"38	Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh (aicéatáití)	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/10828/2021	Tugtar sonraí sa Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú SANTE/10828/2021	*An 1 Meán Fómhair 2022*	*An 30 Lúnasa 2037*	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le Fearamóin Léipidipteire Slabhra Dhírigh, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar éifeachtúlacht táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí aonair astu féin nó cumaisc díobh agus meastóireacht á déanamh ar iarratais ar údarú. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí."